

**RÁITEAS AIRGEADAIS AN BHOIRD UM
FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH
AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31/12/25**

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH
RÁITEAS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31/12/25

INNÉACS

AN CLÁR ÁBHAR

LEATHANACH

Faisnéis Ghinearálta	2
An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	3-6
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	7-8
Tuarascáil an Ard-Reachtaire agus an Ard-Iniúcháir	9-10
An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe	11
An Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach	12
An Ráiteas maidir le Staid Airgeadais	13
An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	14
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	15-31

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Faisnéis Ghinearálta

Comhaltaí Boird:

Comhaltaí Boird Reatha:

- Catherine Heaney (a ceapadh i mí Iúil 2021, tháinig deireadh leis an téarma Boird an 6 Iúil 2026)
- Claire Byrne (a ceapadh i mí Mheán Fómhair 2022)
- Mary Corcoran (a ceapadh i mí Dheireadh Fómhair 2023)
- Catriona Curtis (a ceapadh i mí Dheireadh Fómhair 2023)
- Mary Dorgan (a ceapadh i mí Dheireadh Fómhair 2023)
- Sarah Harte (a ceapadh i mí Mheán Fómhair 2022)
- Brid O'Donovan (a ceapadh i mí Mheán Fómhair 2022)
- Seamus Smith (a ceapadh i mí Mheán Fómhair 2022)
- Stephen Lycett (a ceapadh i mí Aibreáin 2023)
- Fiona Ward (a ceapadh i mí Dheireadh Fómhair 2023)
- Orlagh Nevin (a ceapadh i mí Aibreáin 2024)
- Patrick Gibbons (a ceapadh i mí an Mheithimh 2024)

An Cathaoirleach: Catherine Heaney (tháinig deireadh leis an téarma Boird an 6 Iúil 2026)

Seoladh: Teach Cé Sheoirse, 43
Sráid Chnoc na Lobhar
Baile Átha Cliath 2

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Graham Long

An Rúnaí: Caroline Mitchell

Aturnaetha: Holmes O'Malley Sexton LLP
Suite 1
Geata an Easpaig
Sráid Anraí
Luimneach

Baincéirí: AIB
52 Sráid Bhagóid Uachtarach
Baile Átha Cliath 4

Iniúcháirí: An tArd-Reachtair agus an tArd-Iniúcháir
3a Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

Iniúcháirí Inmheánacha: Sumer (NI)
4ú Urlár
Teach Glendinning
6 Sráid Murray
Béal Feirste
BT15DN

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

Rialachas

Bunaíodh Bord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh faoin Acht um Chomhairle 2000. Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in alt 7 den Acht sin, arna leasú. Tá an Bord freagrach don Aire Coimirce Sóisialaí agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann sé an cúram seo i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomh-shaincheist ghnó. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh rialta laethúil an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Ní mór don POF agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an treoir straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an mBord agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha is dócha a thiocfaidh chun cinn. Feidhmíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus bainistíocht an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sa Chód Cleachtais do Chomhaltaí Bhoird, don Chathaoirleach, don Phríomhfheidhmeannach agus don Rúnaí, ina bhfuil na nithe atá curtha in áirithe go sonrach do chinneadh an Bhoird. I measc na míreanna buana arna mbreithniú ag an mBord tá:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta, agus
- tuarascálacha ar fheidhmíocht.

Ceanglaítear leis an Acht um Chomhairle, 2000, Alt 22 (4a), ar Bhord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh ráitis airgeadais a ullmhú, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Coimirce Sóisialaí le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, maidir leis na cuntais chuí uile is gnách ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh de bheith ag feidhmiú; agus
- a dhearbhu cibé ar cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha uathu a bheith nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Deimhníonn an Bord gur chomhlíon sé na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 22 den Acht.

Tá an Bord freagrach as an bplean gnó bliantúil agus an buiséad a fhaomhadh. Déanann an Bord monatóireacht ar fheidhmíocht an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh faoi threoir an phlean gnó bhliantúil agus an bhuiséid trí nuashonruithe ar an bplean agus ar fheidhmíocht airgeadais ag gach cruinniú Bhoird.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh amhail an 31 Nollaig 2025.

An 24 Iúil 2026, d'fhormheas an Bord síniú an ráitis seo agus na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025.

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach agus 11¹ ghnáthchomhalta ar an mBord, agus ceapann an tAire Coimirce Sóisialaí iad go léir. Ceaptar comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse cúig bliana agus tagann siad le chéile sé huaire sa bhliain. Leagtar amach an tréimhse ceapacháin do na comhaltaí reatha, lena n-áirítear imeachtaí ón mBord le linn 2025, sa tábla thíos:

Comhalta Bhoird	Ról	An Dáta a Ceapadh	Sonraí Breise
Catherine Heaney	An Cathaoirleach	Iúil 2021	Tháinig deireadh leis an téarma Bhoird an 6 Iúil 2026
Teresa Blake	Gnáthchomhalta	Nollaig 2020	Tháinig deireadh leis an téarma Bhoird i mí na Nollaig 2025
Claire Byrne	Gnáthchomhalta	Meán Fómhair 2022	
Mary Corcoran	Gnáthchomhalta	Deireadh Fómhair 2023	
Catriona Curtis	Gnáthchomhalta	Deireadh Fómhair 2023	
Mary Dorgan	Gnáthchomhalta	Deireadh Fómhair 2023	
Patrick Gibbons	Gnáthchomhalta	Meitheamh 2024	
Sarah Harte	Gnáthchomhalta	Meán Fómhair 2022	
Stephen Lycett	Gnáthchomhalta	Aibreán 2023	
Orlagh Nevin	Gnáthchomhalta	Aibreán 2024	
Brid O'Donovan	Gnáthchomhalta	Meán Fómhair 2022	
Ian Power	Gnáthchomhalta	Meitheamh 2016	Athcheaptha i mí an Mheithimh 2021 agus i mí Mheán Fómhair 2022, d'fhág sé an Bord i mí Feabhra 2025
Seán Sheridan	Gnáthchomhalta	Samhain 2015	Athcheaptha mí na Nollag 2020, tháinig deireadh leis an téarma Bhoird i mí na Nollag 2025
Seamus Smith	Gnáthchomhalta	Meán Fómhair 2022	
Fiona Ward	Gnáthchomhalta	Deireadh Fómhair 2023	

Tá cúig choiste bunaithe ag an mBord, mar seo a leanas:

- An Coiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca:** tá triúr comhaltaí den Bhord agus triúr comhaltaí neamhspleácha ar an gCoiste. Is iad seo a leanas comhaltaí an choiste seo: Claire Byrne (an Cathaoirleach), Seamus Smith, Fiona Ward, Alex Hoare, Declan Norgrove agus Declan Mohan. Ó 2024 i leith, d'fhág an comhalta seo a leanas an Coiste: Cyril Sullivan. Is é ról an Choiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca tacú leis an mBord i ndáil lena fhreagrachtaí maidir le saincheisteanna airgeadais, riosca, rialaithe, rialachais agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, áirithíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúcháireachta. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca in 2025.
- An Coiste Rialachais:** tá cúigear comhaltaí ar an mBord. Is iad seo a leanas comhaltaí an choiste seo: Claire Byrne, Orlagh Nevin, Seamus Smith, Brid O'Donovan agus Mary Dorgan. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Rialachais in 2025.
- An Coiste um Chomhlíonadh agus um Thuairisciú:** tá triúr comhaltaí den Bhord agus comhalta neamhspleách amháin ar an gCoiste. Is iad seo a leanas comhaltaí an choiste seo: Seamus Smith (an Cathaoirleach), Catriona Curtis, Mary Dorgan agus Richard Deane. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste um Chomhlíonadh agus um Thuairisciú in 2025.
- An Coiste TFC, Digiteach agus Sonraí:** tá ceathrar comhaltaí den Bhord agus beirt chomhaltaí neamhspleácha ar an gCoiste. Is iad seo a leanas comhaltaí an choiste seo: Orlagh Nevin (an Cathaoirleach), Sarah Harte, Mary Corcoran, Patrick Gibbons, Owen Harrison agus Lucas Jeannot. I mí Feabhra 2025, d'fhág Ian Power an Coiste, agus i mí Dheireadh Fómhair 2025, d'fhág Tina Leonard an Coiste. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste TFC, Digiteach agus Sonraí in 2025.
- An Coiste um Chaighdeáin agus um Fhorbairt:** tá triúr comhaltaí den Bhord agus beirt chomhaltaí neamhspleácha ar an gCoiste. Is iad seo a leanas comhaltaí an choiste seo: Brid O'Donovan (an Cathaoirleach), Catriona Curtis, Sarah Harte, Emer Darcy agus Joanne Geary. I mí na Nollag 2025, d'fhág Teresa Blake agus Seán Sheridan an Coiste. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste um Chaighdeáin agus um Fhorbairt in 2025.

¹ Is é 15 chomhalta an t-uasmhéid ar an mBord.

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansas

Comhalta den Bhord / Choiste	An Bord	An Coiste Airgeadais, Iniúcháireac hta & Riosca	An Coiste Rialachais	An Coiste um Chomhlíonadh agus um Thuairisciú	An Coiste TFC, Digiteach agus Sonraí	An Coiste um Chaihdeáin agus um Fhorbairt	Táillí 2025 €	Speansais 2025 €
Líon na gCruinnithe	7	6	6	4	5	6		
Catherine Heaney (an Cathaoirleach)	7		5				11,970	408
Teresa Blake	4					5	7,695	231
Claire Byrne	7	5	6				7,695	124
Mary Corcoran	6				3		7,695	237
Catriona Curtis	7			3			7,695	328
Mary Dorgan	7			3			7,695	1,455
Patrick Gibbons	6				5		7,695	57
Sarah Harte	1				0		7,695	0
Stephen Lycett	7						0	339
Orlagh Nevin	7		4		4		7,695	379
Brid O'Donovan	6		2			5	7,695	467
Ian Power	1		1		0		1,098	0
Seán Sheridan	6		6			6	7,695	5,295
Seamus Smith	7	6	6	4			7,695	358
Fiona Ward	4	2					0	0
Alex Hoare (seachtrach)		6					1,697	0
Cyril Sullivan (seachtrach)		0					0	0
Declan Norgrove (seachtrach)		6					1,697	0
Declan Mohan (seachtrach)		6					1,697	0
Richard Deane (seachtrach)				2			0	0
Owen Harrison (seachtrach)					4		0	0
Emer Darcy (seachtrach)						6	0	0
Tina Leonard (seachtrach)					1		0	0
Joanne Geary (seachtrach)						5	0	0
							102,804	9,678

I gcomhréir le Cód Cleachtais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh maidir le Comhaltaí Boird, i gcás inar fhreastail comhalta ar níos lú ná leath de na cruinnithe i mbliain téarma, beidh táille laghdaithe iníoctha arna ríomh ar bhonn pro-rata. Féadfaidh an Cathaoirleach, dá lánrogha féin, athbhreithniú a dhéanamh ar an táille laghdaithe ag féachaint do na himthosca is cúis leis na neamhláithreachtaí ábhartha. Íocadh an táille iomlán le haghaidh 2025 le comhalta amháin a d'fhreastail ar níos lú ná leath na gcuinnithe in 2025. Íoctar táillí le comhaltaí Boird de réir threoirlíne na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin maidir leis na táillí is iníoctha le Cathaoirligh agus Comhaltaí Boird Stáit, atá ar leibhéal chatagóir a trí faoi láthair.

Bhí beirt chomhaltaí den Bhord i riocht oibre ann, Stephen Lycett agus Fiona Ward, nach bhfuair táille Bhoird faoin bprionsabal Tuarastal Amháin ag Duine Amháin. Tá Stephen Lycett fostaithe ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus tá Fiona Ward fostaithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Ní nochtar tuarastal Stephen i leith a chuid dualgas mar fhostaí de chuid an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh sa liosta de dhíolaíochtaí chomhaltaí an Bhoird thuas.

Le linn 2025, tionóladh seacht gcruinniú Boird. Tá achoimre ar an tinreamh ag na cruinnithe sin leagtha amach sa tábla thuas.

Baineann speansais uile an Bhoird le taisteal intíre.

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

Príomhathruithe Pearsanra

Liostaítear na príomhathruithe pearsanra le linn 2025 sa tábla thíos.

Ainm	Ról	Mionsonraí
Ian Power	Comhalta Boird	Tháinig deireadh leis an téarma Boird i mí Feabhra 2025
Teresa Blake	Comhalta Boird	Tháinig deireadh leis an téarma Boird i mí na Nollaig 2025
Seán Sheridan	Comhalta Boird	Tháinig deireadh leis an téarma Boird i mí na Nollaig 2025
Elsa Flanagan	Bainisteoir Sinsearach	Ceapadh Feabhra 2025

Nochtadh a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear na nochtaí seo a leanas leis an gCód:

- miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe - leagtha amach i nóta 3 a ghabhann leis na ráitis airgeadais,
- costais sainchomhairleoireachta (lena n-áirítear costais ghinearálta dlí) – atá leagtha amach i nóta 6 a ghabhann leis na ráitis airgeadais,
- costais dlí agus socraíochtaí – seachas táillí dlí ginearálta níor tabhaíodh aon chostais eile,
- caiteachas taistil agus cothaithe – atá leagtha amach i nóta 4 a ghabhann leis na ráitis airgeadais, agus
- caiteachas ar fháilteachas - níor tabhaíodh aon chostais.

Ráiteas Comhlíontachta

Tá an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige lena chinntiú go gcomhlíontar an Cód. Bhí an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh i gcomhréir iomlán leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le haghaidh 2025.

Thar ceann Bhord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Claire Byrne
Comhalta Boird
Dáta: 24/07/2026

Seamus Smith
Comhalta Boird
Dáta: 24/07/2026

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

Scóip na Freagrachta

Thar ceann an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh, admhaím an fhreagracht atá ar an mBord a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú. Cuirtear san áireamh sa fhreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas é a dhíchur. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú absalóideach a sholáthar go ndéantar sócmhainní a choimirciú, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, i bhfeidhm ar an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 agus suas go dtí dáta formheasa na ráiteas airgeadais.

Cumas Riosca a Bhainistiú

Tá Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh ina bhfuil triúr comhaltaí Boird agus triúr comhaltaí seachtracha, a bhfuil saineolas airgeadais, bainistíochta riosca agus iniúchóireachta acu. Tháinig an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca le chéile sé huaire in 2025.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh mar atá sainithe i gCairt an Bhoird maidir le hIniúchóireacht Inmheánach. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar an riosca a bhfuil an comhlacht neamhchosanta ina leith, agus tá pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla bunaithe ar an anailís sin. D'fhorhuinigh Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an anailís ar riosca agus ar na pleananna iniúchóireachta inmheánaí agus d'fhorheas an Bord iad. Cuireann an tIniúcháir Inmheánach tuarascálacha ar ghníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí ar fáil don Bhord. Déantar feidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí a sheachfhoinsiú chuig gnólacht cuntasáíochta seachtrach.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ina leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraítear ról agus freagrachtaí na foirne i ndáil le riosca. Eisíodh an beartas do gach ball den fhoireann a bhfuil coinne leis go n-oibreoidh siad laistigh de bheartais bainistithe riosca an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh, chun foláireamh a thabhairt don bhainistíocht maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laig a rialú agus d'fhoill freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina shainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord agus an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn tréimhsiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a áirithiú go mbainistítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí a mhaolú agus an fhoireann shonrach atá freagrach as na rialuithe a oibriú. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ann leis na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó uile a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann ag a bhfuil buiséad bliantúil a choimeádann an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- le nósanna imeachta rialaithe maidir le cistiú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha, áiríthítear rialú leordhóthanach ar fhorheas deontas agus monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe chun a chinntiú gur cuireadh cistiú deontais i bhfeidhm chun na críche atá beartaithe.

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Déantar nósanna imeachta foirmiúla a bunaíodh chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus ar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh a sainaithníodh a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus déanann siad tuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht in aghaidh na mbuiséad/réamhaisnéisí.

Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh chun a chinntiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte reatha soláthair. Cuirtear ábhair a thagann chun cinn maidir le rialuithe ar sholáthar i dtábhacht faoi na saincheisteanna rialaithe inmheánaigh thíos.

Athbhreithniú ar an Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus rialaithe. Tá faireachán agus athbhreithniú an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2025 i mí an Mhárta 2026.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Soláthar Neamhchomhlíontach

Le linn 2025, níor tabhaíodh caiteachas ar bith i ndáil le hearraí agus seirbhísí i gcás nár chomhlíon na nósanna imeachta a úsáideadh na treoirlínte soláthair.

Le linn 2024, tabhaíodh caiteachas €447,615² i ndáil le hearraí agus seirbhísí i gcás nár chomhlíon na nósanna imeachta a úsáideadh na treoirlínte soláthair. Is ionann sin agus Conradh amháin san iomlán. Rinneadh an Conradh sin a sholáthar go rathúil i mí na Nollag 2024.

Thar ceann Bhord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Claire Byrne
Comhalta Boird
Dáta: 24/07/2026

Seamus Smith
Comhalta Boird
Dáta: 24/07/2026

² Gan CBL san áireamh



Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

An tArd-Reachtair agus an tArd-Iniúcháir

Tuarascáil le cur faoi bhráid Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh Thithe an Oireachtais

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha an Achta um Chomhairle, 2000. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncain choinnithe
- an ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach
- an ráiteas maidir le staid airgeadais
- an ráiteas ar shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh an 31 Nollaig 2025 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas le haghaidh 2025 i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bonn na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eitiiciúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta a fuair mé leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt maidir leis an bhfaisnéis sin, agus maidir le hábhair áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Paula O'Connor
Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtair agus an Ard-Iniúcháir

30 Iúil 2026

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Leagtar amach sa ráiteas rialachais agus sa tuarascáil ó chomhaltaí an Bhoird freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird maidir le

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 22 den Acht um Chomhairle 2000
- cinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cibé a bhfuil úsáid bhonn gnóthas leantach na cuntasafóichta cuí, agus
- cibé rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais atá saor ó mhíráiteas ábhartha a chumasú, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair agus an Ard-Iniúcháir

Ceanglaítear orm faoi alt 22 den Acht um Chomhairle 2000 ráitis airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-íomláine saor ó mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaos nó earráid nó nach bhfuil. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bhíonn sé ann. Is féidir le míráitis a bheith ann mar thoradh ar chalaos nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go n-imreoidís tionchar ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- déanaim na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais a shainaithint agus a mheasúnú, bíodh sin mar gheall ar chalaos nó earráid; nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh agus a chur i gcrích a bheidh freagrúil do na rioscaí sin; agus fianaise iniúcháireachta a fháil atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar do mo thuairim. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasafóichta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasafóichta agus na nochtuithe gaolmhara.

- Déanaim cinneadh maidir le cuibhiúlacht úsáid an bhoinn cuntasafóichta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuarthas, maidir le cé acu is ann nó nach ann d'aon éiginnteacht ábhartha i dtaca le teagmhais nó dálaí as a n-eascródh amhras suntasach i dtaobh chumas an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh leanúint leis mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an gconclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor a leithéid de nochtadh, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Is féidir, áfach, go mbeidh teagmhais nó dálaí amach anseo ina gcúis leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh stopadh de bheith ag leanúint leis mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach a bhainfidh cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas maidir le scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht mura bhfuil, i mo thuairim,

- an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaíonn uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó
- nár leor na taifid chuntasafóichta chun gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasafóichta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a thugtar leis na ráitis sin, agus ní thugaim conclúid dearbhaithe de chineál ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn dom é sin a dhéanamh, a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má dhealraítear ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha ann. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann maidir leis an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairiscíú.

Tuairiscíú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúinsí speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistíocht agus lena n-oibriú. Tuairiscím má shainaithním ábhair ábhartha a bhaineann leis an mbealach ina ndéantar gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má shainaithním aon chás ábhartha nár úsáideadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe nó nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais agus Cúlchiste Ioncaim

Choinnithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €	2024 €
Ioncam			
Deontais Oireachtais	2	64,730,711	61,295,535
Glanmhaoiniú Sochair Scoir Iarchurtha	14 (c)	1,292,000	1,309,000
Ioncam eile		22,002	29,521
Ioncam Iomlán		66,044,713	62,634,056
Caiteachas			
Luach Saothair	3	6,232,379	5,806,224
Táillí agus Speansais Chomhaltaí an Bhoird		112,482	108,452
Costais Sochair Scoir	14 (a)	2,372,000	2,602,000
Costais Riaracháin	4	4,470,709	4,009,163
Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh (CISanna)	7	19,280,507	18,911,911
Comhairle Airgid agus Seirbhísí Buiséadaithe (MABS)	8	23,689,318	21,957,444
Ábhar Digiteach	9	296,493	352,272
Beartas Sóisialta agus Taighde	10	40,002	57,084
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	11	4,106,280	4,064,929
Abhcóideacht	12	5,176,115	4,760,448
Oiliúint/Ríomhfhoghlaim	13	222,458	207,733
Caiteachas Iomlán		65,998,743	62,837,660
Barrachas / (Easnamh) don Bhliain roimh Leithreasuithe		45,970	(203,604)
Aistriú (chuig) / ón gCuntas Caipitil	20	(177,320)	(130,990)
(Easnamh) / Barrachas don Bhliain tar éis Leithreasuithe		(131,350)	(334,594)
Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh ar an 1 Eanáir		1,827,969	2,162,563
Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh an 31 Nollaig		1,696,619	1,827,969

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 24 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Claire Byrne
Comhalta Boird
Dáta: 24/07/2026

Seamus Smith
Comhalta Boird
Dáta: 24/07/2026

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

An Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €	2024 €
(Easnamh) / Barrachas tar éis leithreasáí		(131,350)	(334,594)
Gnóthachain ó Thaithí ar Oibleagáidí Sochair Scoir	14 (d)	(1,054,000)	386,000
Athruithe ar Thoirimhdí is Bunús le Luach Láithreach		7,698,000	3,441,000
Oibleagáidí Sochair Scoir			
Gnóthachan Achtúireach Iomlán / (Caillteanas) sa bhliain		6,644,000	3,827,000
Coigeartú ar Mhaoiniú Sochair Scoir larchurtha		(6,644,000)	(3,827,000)
Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain		(131,350)	(334,594)

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 24 mar chuid de na ráitis airgeadais

seo. Thar ceann Bhord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Claire Byrne
Comhalta Boird
Dáta: 24/07/2026

Seamus Smith
Comhalta Boird
Dáta: 24/07/2026

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

An Ráiteas maidir le Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €	2024 €
Sócmhainní Neamhreatha			
Maoín, Gléasra agus Trealamh	15	3,749,920	3,572,600
Iomlán na Sócmhainní Neamhreatha		3,749,920	3,572,600
Sócmhainní reatha			
Infháltais	18	1,590,590	1,331,743
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		726,524	1,056,746
		2,317,114	2,388,489
Dliteanais Reatha (<i>méideanna dlite laistigh de bhliain amháin</i>)			
Suimeanna infíoctha	19	(620,495)	(560,520)
Glansócmhainní reatha		1,696,619	1,827,969
Sochair Scoir			
Oibleagáidí Sochair Scoir	14 (b)	(45,267,300)	(50,619,300)
Sócmhainn Maoinithe Sochair Scoir Iarchurtha	14 (b)	45,267,300	50,619,300
Glansócmhainní Iomlána		5,446,539	5,400,569
Arna léiriú ag			
Cuntas Caipitil	20	3,504,920	3,327,600
Cúlchiste Athluachála		245,000	245,000
Cúlchistí Ioncaim Choinnithe		1,696,619	1,827,969
		5,446,539	5,400,569

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 24 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Claire Byrne
Comhalta Boird
Dáta: 24/07/2026

Seamus Smith
Comhalta Boird
Dáta: 24/07/2026

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

	2025	2024
	€	€
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
(Caiteachas lomarcach thar loncam) / loncam lomarcach thar Chaiteachas	(131,350)	(334,594)
Dímheas agus Lagú Sócmhainní Seasta	489,155	385,482
Laghdú / (Méadú) ar Infháltais	(258,847)	34,594
Méadú / (Laghdú) ar Suimeanna iníoctha	59,975	91,635
Aistriú chuig an / (ón) gCuntas Caipitil	177,320	130,990
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	336,253	308,107
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
loaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a fháil	(666,475)	(516,472)
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	(666,475)	(516,472)
(Laghdú) / Méadú Glan ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid	(330,222)	(208,365)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir	1,056,746	1,265,111
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig	726,524	1,056,746

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta a ghlac an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad go léir go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

(a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh faoin Acht um Chomhairle 2000, le ceannoifig ag 43 Sráid Chnoc Na Lobhar, Baile Átha Cliath 2. Tá príomhchuspóirí an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh leagtha amach i gCuid 2 den Acht um Chomhairle 2000. Is Eintiteas Sochair Phoiblí (PBE) é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Déantar Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh (CISanna) agus an tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh (CIPS) a sholáthar trí chuideachtaí neamhspleácha a oibríonn faoi chomhaontú leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus níl feidhm ag an gcaidreamh idir príomhaí agus gníomhaire. Dá bhrí sin, níl sócmhainní agus dliteanais na gcuideachtaí sin san áireamh sna ráitis airgeadais.

Leasaíodh Acht na Comhairle, 2000 (arna leasú leis an Acht um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 2007) le Cuid 4 den Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008, chun feidhmeanna an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh a leathnú chun soláthar na Seirbhíse Comhairle Airgid agus Buiséadaithe (MABS) agus freagrachtaí gaolmhara a chur san áireamh. Áirítear leis sin cur chun cinn agus forbairt MABS, faisnéis a sholáthar faoin tseirbhís agus oideachas poiblí a chur ar fáil faoi bhainistiú airgid. Rinneadh foráil freisin don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh sonraí a thiomsú, taighde a dhéanamh agus comhairle agus faisnéis a sholáthar don Aire Coimirce Sóisialaí i ndáil le MABS. Tháinig sannadh na bhfreagrachtaí seo i bhfeidhm ón 13 Iúil 2009.

Cuirtear na Seirbhísí Comhairle Airgid agus Buiséadaithe ar fáil trí chuideachtaí neamhspleácha a oibríonn faoi chomhaontú leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus níl feidhm ag an gcaidreamh idir príomhaí agus gníomhaire.

Dá bhrí sin, níl sócmhainní agus dliteanais na gcuideachtaí sin san áireamh sna ráitis airgeadais. Tá úsáid agus díúscairt sócmhainní atá maoinithe ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh faoi réir srianta atá leagtha amach sa chomhaontú. Áirítear leis na ráitis airgeadais caiteachas a tabhaíodh i maoiniú na gcuideachtaí i rith na bliana. Oibríonn Tacáíocht MABS agus MABS Náisiúnta do Thaistealaithe faoi chomhaontuithe éagsúla leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus níl feidhm ag an gcaidreamh idir príomhoide agus gníomhaire.

Oibríonn an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas, an tSeirbhís Ateangaireachta Teanga Chomharthaíochta agus Clár Ateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann faoi chomhaontuithe ar leith leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus níl feidhm ag an gcaidreamh idir príomhaí agus gníomhaire. Cuireann an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas seirbhís abhcóideachta ionadaíoch neamhspleách, rúnda agus saor in aisce ar fáil, a oibríonn go heisiach don duine a úsáideann an tseirbhís agus a chloíonn leis na caighdeáin ghairmiúla is airde. Cuireann an tSeirbhís Ateangaireachta na Teanga Chomharthaíochta seirbhísí ateangaireachta ardchaighdeáin chun cinn, déanann sí ionadaíocht orthu, agus cinntíonn sí infhaighteacht seirbhísí ateangaireachta ardchaighdeáin do dhaoine Bodhra in Éirinn. Bunaíodh an Lárionad Rialála d'Ateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann in Éirinn chun Clár d'Ateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a chothabháil, clár deonach, náisiúnta, gairmiúil.

Leithdháileann agus íocann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh deontais leis na comhlachtaí seo ar bhonn pleananna caiteachais ceadaithe. Déantar aon mhéideanna nár caitheadh ó leithdháiltí na bliana roimhe sin a aisghabháil go díreach ó na comhlachtaí sin sa chéad ráithe den bhliain dár gcionn agus ní dhéantar iad a fhritháireamh in aghaidh leithdháileadh na bliana sin.

(b) Ráiteas Comhlíontachta

Táthar tar éis ráitis airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC).

(c) Airgeadra

Socraítear na ráitis airgeadais i Euro. Is é an Euro airgeadra feidhmeach an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

(d) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún maidir le costas stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas áirithe a thomhaistear ar luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Coimirce Sóisialaí le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitíúcháin. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach agus iad ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

(e) Ioncam

Deontais Oireachtais

Aithnítear ioncam go ginearálta ar bhonn fabhrúithe; eisceacht amháin air sin is ea Deontais Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáltais airgid.

Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhrúithe.

(f) Maoin, gléasra agus trealamh

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ar chostas lúide dímheas carntha, arna choigeartú le haghaidh aon fhoráil maidir le lagú. Soláthraítear dímheas ar gach maoin, gléasra agus trealamh, seachas talamh ruilse, ag rátaí a mheastar a dhíscríobhann an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid chothrom thar a saolréanna úsáide measta, mar a leanas:

(i) Trealamh Ríomhaireachta	De réir méid cothrom	33⅓% sa bhliain
(ii) Trealamh Oifige	De réir méid cothrom	20% sa bhliain
(iii) Troscán Oifige	De réir méid cothrom	12½% sa bhliain
(iv) Feithiclí	De réir méid cothrom	25% sa bhliain
(v) Áitreabh (faoi úinéireacht)	Saolré eacnamaíoch gach réadmhaoin (35 bliain)	
(vi) Áitreabh (Léasaithe)	Saol eacnamaíoch gach maoine (25 bliana i gcás Theach Ché Sheoirse agus 40 bliain blianta do gach áitreabh ar léas eile)	

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta diúscairthe a asbhaint, dá mbeadh aois agus riocht na sócmhainne lena raibh coinne ag deireadh a saolré úsáide cheana féin.

Má tá fianaise oibiachtúil ann de lagú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas ó lagú sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe sa bhliain.

Tá polasaí ag an mBord a Sócmhainní Áitribh féin a athluacháil gach cúig bhliain. Rinne gnólacht neamhspleách comhairleoirí maoine athluacháil ar bhonn Luach Margaidh agus Luach Úsáide Reatha an 31 Nollaig 2023.

Luaitear sócmhainní atá athluacháilte ag luacháil lúide dímheas carntha. I gcás ina ndéantar athluacháil ar shócmhainn, bíonn an muirear dímheasa bunaithe ar an méid athluacháilte agus ar an saolré eacnamaíoch úsáideach atá fágtha ag an tsócmhainn. Dearbhaítear an gnóthachan nó an caillteanas a eascraíonn as diúscairt nó as scor sócmhainne seasta mar an difríocht idir na fáltais díolacháin agus suim ghlanluacha na sócmhainne, agus aithnítear é sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

Cuirtear gnóthachain athluachála i leith an Ráitis maidir le hIoncam Cuimsitheach mura bhfuil siad ag aisiompú caillteanas aitheanta roimhe seo a cuireadh i leith an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

Choinnithe. Gearrtar caillteanais athluachála ar an Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Choinnithe mura bhfuil siad ag aisiompú gnóthachain a creidiúnaíodh roimhe seo don Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach.

(g) Infháltais

Aithnítear infháltais ar luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Is foráil faoi leith í an fhoráil le haghaidh fiacha amhrasacha, agus suitear í nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh in ann gach suim atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Choinnithe.

(h) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Choinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne díri thar thréimhse an léasa, ach amháin i gcás ina bhfuil méaduithe cíosa nasctha leis an ráta boilscithe a bhfuil coinne leis, agus sa chás sin aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

(i) Cáin

Tá an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh i gcomhréir le ciorcláin chánach ábhartha lena n-áirítear ciorclán 44/2006 "Nósanna Imeachta Imréitigh Cánach Deontais, Fóirdheontais agus Íocaíochtaí den Chineál céanna".

(j) Sochair Fostaithe

Sochair ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarma, leithéid pá saoire, mar speansas sa bhliain agus cuirtear sochair a charntar ag deireadh na bliana san áireamh san fhigiúr Suimeanna iníoctha sa Ráiteas maidir le Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

I mí na Nollag 2014, rinne an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (DPER) cinneadh socruithe riaracháin athbhreithnithe a thabhairt isteach maidir le scéimeanna aoisliúntais áirithe a bhunú agus a cheadú i gcomhlachtaí stáit neamhthráchtála, lena n-áirítear an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Dhear DPER na socruithe athbhreithnithe chun seachadadh seirbhíse níos éifeachtúla agus níos cost-éifeachtaí a sholáthar i Ranna agus i ngníomhaireachtaí stáit trí shimpliú agus nuachóiriú a dhéanamh ar riarachán aoisliúntais. Rinne an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh breathnuithe, atá curtha faoi bhráid DPER agus tá dréacht na scéime ag fanacht le síniú deiridh ó DPER, agus ina dhiaidh sin síneoidh an tAire Coimirce Sóisialaí agus an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin í.

Faoi láthair, faigheann baill foirne de chuid an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh a bhí ina mbaill foirne den Bhord Náisiúnta Athshlánúcháin (BNA) roimhe seo agus a théann ar scor sochair aoisliúntais i gcomhréir le téarmaí Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil; faigheann baill foirne a bhí ina mbaill foirne den Bhord Náisiúnta Seirbhísí Sóisialacha (BNS) roimhe seo sochair i gcomhréir le téarmaí Scéim Aoisliúntais na nGníomhaireachtaí Sláinte Ainmnithe; agus faigheann baill foirne a bhí fostaithe ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh tar éis a bhunaithe agus a théann ar scor sochair i gcomhréir le téarmaí Scéim Aoisliúntais na nGníomhaireachtaí Sláinte Ainmnithe nó na Scéime Aonair.

Is scéimeanna pinsin le sochar sainithe iad na scéimeanna seo a mhaoineítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil don Bhord, lena n-áirítear airgead arna sholáthar ag an Roinn Coimirce Sóisialaí agus ó ranníocaíochtaí ó thuarastail foirne.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin atá tuillte ag fostaithe agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin na foirne a choinníonn an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam a mhéid atá sé in-aisghabhála agus fritháirithe le deontais arna bhfáil sa bhliain le híocaíochtaí pinsin a ghlanadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a thagann chun cinn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas maidir le

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

hloncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

Léirítear sna ráitis airgeadais, ar luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanas a eascraíonn as oibleagáidí pinsin an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus as aon chistiú gaolmhar, agus aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasáochta ina dtuilleann fostaithe iad. Déantar dliteanas scéime sochair scoir a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta creidmheasa.

Rinneadh dlí den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 an 28 Iúil 2012 agus tugadh isteach an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair nua ("Scéim Aonair") a thosaigh le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Gach fostaí nua de chuid an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh ar nua-iontrálaithe iad san Earnáil Phoiblí an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin, is comhaltaí iad den Scéim Aonair. Cuirtear ranníocaíochtaí fostaithe faoin scéim chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitíúcháin.

(k) Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil:

- (i) An luach gan amúchadh atá ar an ioncam a caitheadh chun sócmhainní seasta a mhaoiniú; agus
- (ii) An barrachas gan amúchadh a eascraíonn as athluacháil sócmhainní seasta.

(l) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, ceanglaítear ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann difear do na méideanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail ar an dáta tuairiscithe agus do na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncam agus speansas le linn na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn cineál an mheastacháin go bhféadfadh torthaí iarbhrí a bheith éagsúil leis na meastacháin sin. Bhí an éifeacht ba shuntasáí ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Lagú Réadmhaoine, Gléasra & Treailaimh

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta le haghaidh lagaithe aon uair a léiríonn teagmhais nó athruithe ar imthosca go bhféadfadh sé nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear cailteanas lagaithe le haghaidh na suime ar mó suim ghlanluacha na sócmhainne ná a méid in-aisghabhála. Is é an méid in-aisghabhála an méid is airde de luach cóir sócmhainne lúide costas díola agus luach úsáide. Chun críche measúnú a dhéanamh ar lagú, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is ísle a bhfuil sreafaí airgid inaitheanta ar leithligh (aonaid ghiniúna airgid) ann ina leith. Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais a d'fhulaing lagú chun an lagú a aisiompú ar gach dáta tuairiscithe.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh saolréanna sócmhainne agus luachanna iarmharacha comhlachaithe gach aicme sócmhainne seasmhacha a athbhreithniú, agus go háirithe, an tsaolré úsáideach eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus tháinig siad ar an tuairim go bhfuil na saolréanna sócmhainne agus luachanna iarmharacha cuí.

Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar nuashonrú bliantúil ar na toimhdí taobh thiar de na luachálacha achtúireacha a mbíonn méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais ina leith (rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí báis agus treochtaí i gcostais sláinte ar fad ina measc) bunaithe ar staid reatha an gheilleagair, agus aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas difear a dhéanamh do na toimhdí:

- (i) An ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáide ardcháilíochta;
- (ii) Leibhéil chúitimh amach anseo;
- (iii) Coinníollacha i margadh an tsaothair amach anseo;

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

- (iv) Rátaí treochta maidir le costas cúraim sláinte; agus
- (v) Ráta boilscthe an chostais leighis sna réigiúin lena mbaineann.

2. Deontais Oireachtais

	Fotheideal	2025 €	2024 €
An Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP)			
Deontais le haghaidh caiteachas reatha (Vóta 37)	A.42	64,991,148	61,717,768
Barrachas an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh a cuireadh ar aghaidh chuig an DSP an bhliain roimhe sin		(436,396)	(448,962)
Barrachas Cuideachtaí Seachadta Seirbhíse na bliana roimhe sin a cuireadh ar aghaidh chuig CIB		1,905,535	1,506,962
Barrachas Cuideachtaí Seachadta Seirbhíse na bliana roimhe sin a cuireadh ar aghaidh chuig an DSP		(1,901,324)	(1,538,026)
Ranníocaíochtaí Scéime Singil arna chur chuig an Roinn		(118,799)	(113,291)
Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin			
Maoiniú Stáit Eile			
An Roinn Gnóthaí Eachtracha – Éireannaigh thar lear		129,809	67,342
Teagasc		7,796	0
An Roinn Dlí agus Cirt -		152,942	103,742
Tionscadal Treoshuimh Cosanta Idirnáisiúnta			
		64,730,711	61,295,535

An 31 Nollaig 2024, bhí €1.901 milliún i gcistiú barrachais ag na Cuideachtaí Seachadta Seirbhíse (SDCanna). Go luath in 2025, chuaigh CIB i dteagmháil le gach SDC ag tabhairt treoracha dóibh an cistiú barrachais a thabhairt ar ais go díreach do CIB. Thug gach ceann den 22 SDC an cistiú breise go díreach do CIB agus ina dhiaidh sin, thug CIB an maoiniú barrachais sin ar ais don Roinn Coimirce Sóisialaí mar a cheanglaítear le Ciorclán 13/2014.

An 31 Nollaig 2023, bhí €1.538 milliún i gcistiú barrachais ag na Cuideachtaí Seachadta Seirbhíse (SDCanna). Go luath in 2024, chuaigh CIB i dteagmháil le gach SDC ag tabhairt treoracha dóibh an maoiniú barrachais a thabhairt ar ais go díreach do CIB. Thug 21 SDC as an 22 SDC an maoiniú barrachais go díreach chuig CIB agus coinníodh an barrachas don SDC eile óna n-íocaíocht maoinithe ráithe 2. Ina dhiaidh sin, thug CIB an maoiniú barrachais seo ar ais don Roinn Coimirce Sóisialaí mar a cheanglaítear le Ciorclán 13/2014.

Cuirtear maoiniú breise a thugtar ar aghaidh ó bhliain amháin go dtí an chéad bhliain eile ar aghaidh go díreach chuig an Státchiste.

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

3. Luach Saothair

(a) Sochair Fostaithe Chomhiomlána

	Nóta	2025	2024
		€	€
Sochair ghearrthéarmacha foirne		5,682,298	5,291,261
Ranníocaíocht an fhostóra le leas sóisialach		550,081	514,963
		6,232,379	5,806,224

Ba é an líon iomlán foirne a bhí fostaithe (coibhéis fostaí lánaimseartha) ag deireadh na bliana 85 (2024, 80.10). Asbhaineadh €171,055 (2024: €149,297) ón bhfoireann trí ranníocaíocht bhreise aoisliúntais ón earnáil phoiblí agus íocadh é leis an Roinn Coimirce Sóisialaí. San áireamh sna costais tuarastail tá speansas le haghaidh pá saoire dar luach €96,525 (2024: €58,200). Is éard atá i sochair ghearrthéarmacha foirne ná bunphá amháin, níor tabhaíodh aon chaiteachas in 2025 agus 2024 ar ragobair/liúntais agus costais scoir.

(b) Príomhfhoireann Bainistíochta

Is iad na príomhbhaill bhainistíochta ar an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh an Príomhfheidhmeannach, an Fhoireann Ardbhainistíochta agus comhaltaí den Bhord. Ba é an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear táillí chomhaltaí an Bhoird, €689,187 (2024: €664,505).

Ní chuimsítear sa mhéid sin luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Is comhaltaí de scéim pinsin an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh iad an lucht ardbhainistíochta agus ní théann a dteidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na samhla de scéim pinsin seirbhíse poiblí. I gcaitheamh 2025, ní raibh aon Bhainisteoir Sinsearach ina mball de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí. I gcaitheamh 2024, bhí Bainisteoir Sinsearach amháin ina mball de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí.

(c) Tuarastal agus Sochair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Fuair an Príomhfheidhmeannach íocaíochtaí tuarastail €146,584 (2024: €138,793). Ní dhearnadh aon íocaíochtaí bónaís sa bhliain. Is baill é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin de scéim neamh-mhaoinithe le sochar sainithe den earnáil phoiblí agus ní shíneann a theidlíochtaí pinsin thar theidlíochtaí caighdeánacha sa scéim aoisliúntais le sochar sainithe den earnáil phoiblí.

(d) Raon sochar iomlán na bhfostaithe

Sochair ghearrthéarmacha fostaithe ³		Líon na bhfostaithe	
Ó	Go	2025	2024
€60,000	- €69,999	17	20
€70,000	- €79,999	22	14
€80,000	- €89,999	0	2
€90,000	- €99,999	10	9
€100,000	- €109,999	3	2
€110,000	- €119,999	2	1
€120,000	- €129,999	1	0
€130,000	- €139,999	0	0
€140,000	- €149,999	1	1

³ Áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe i ndáil le seirbhísí arna soláthar le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal agus íocaíochtaí eile arna ndéanamh thar ceann an fhostaí ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra leo.

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

4. Costais Riaracháin

	Nóta	2025 €	2024 €
Cóiríocht agus Bunú	5	1,809,781	1,857,080
Taisteal agus Cothú (Teaghlaigh)		28,498	24,242
Taisteal agus Cothú (Idirnáisiúnta)		532	106
Stáiseanáireacht agus Soláthairtí Oifige		6,660	7,789
Postas		30,143	20,287
Sainchomhairleoireacht agus Tuarascálacha	6	753,234	638,510
Earcaíocht		12,420	27,786
Caidreamh Poiblí		365,563	65,556
Seimineáir agus Cruinnithe		14,907	34,159
Árachas		608,754	622,801
Foilseacháin an Bhoird agus Ilghnéitheach		32,121	16,339
Táillí Cleamhnachta		25,583	14,315
Táillí Iniúcháireachta Seachtracha		28,100	25,500
Táillí Athluachála Maoine		0	9,225
Táillí Achtúireacha		6,150	6,150
Táillí Iniúcháireachta Inmheánaí		240,883	233,062
Dímheas		489,155	385,482
Ús agus Muirir		888	875
Síntiúis Chorporáideacha		8,901	10,496
Eile ⁴		8,436	9,403
		4,470,709	4,009,163

5. Cóiríocht agus Bunú

	Nóta	2025 €	2024 €
Cíos agus Rátaí		1,323,775	1,279,511
Solas agus Teas		96,197	97,182
Cothabháil agus Slándáil		388,719	479,162
Cartlannú		1,090	1,225
		1,809,781	1,857,080

6. Sainchomhairleoireacht agus Tuarascálacha

	Nóta	2025 €	2024 €
Bainistíocht Taifead		17,943	15,947
Comhairleoireacht Sheachtrach		446,590	329,392
Seirbhísí Tacaíochta Acmhainní Daonna do CIB agus Seirbhísí Seachadta		229,955	232,329
Clár Cúnaimh d'Fhostaithe		8,838	4,146
Comhairleacht Phinsean		3,047	1,367
Seirbhísí Próiseála Párolla		17,706	17,706
Táillí Dlí Ginearálta		22,275	19,481
Tacaíocht Soláthair		6,880	18,142
		753,234	638,510

⁴ Níor tabhaíodh aon chaiteachas fáilteachais in 2025 (2024: €nialas).

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

7. Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh (CISanna)

	Nóta	2025 €	2024 €
Deontais um Fhaisnéis do Shaoránaigh		17,577,318	17,131,309
Fógraíocht agus Cur Chun Cinn		5,343	6,509
An tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh		1,442,846	1,484,693
Tacaíochtaí Faisnéise		255,000	289,400
		19,280,507	18,911,911

8. An tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (SBCA)

	Nóta	2025 €	2024 €
Deontais MABS		19,265,051	17,498,809
Príomhthacaíocht do MABS			
Fógraíocht agus Cur Chun Cinn		0	5,919
Cruinnithe/Tionscadail agus Taighde		7,397	10,827
Tacaíocht SBCA		1,121,876	1,097,219
Riaráistí Morgáiste Tiomnaithe		2,157,382	2,113,367
Abhaile		1,137,612	1,231,303
		23,689,318	21,957,444

Is príomhsheirbhís í Tacaíocht MABS a sholáthraíonn tacaíocht do chuideachtaí réigiúnacha MABS maidir le dea-chleachtas agus comhairle theicniúil maidir le hobair chás cliant, caighdeáin cháilíochta agus oiliúint a chur ar fhoireann MABS. I gcomhar leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, forbraíonn Tacaíocht MABS uirlisí oideachais bainistíochta airgid, déanann sí foilseacháin a tháirgeadh i gcóip chrua agus ar líne, déanann sí anailís sonraí, taighde agus aighneachtaí maidir le beartas sóisialta.

Bhí an clár Abhaile ar siúl ó 2016 go 2022 ar dtús. Tar éis cinneadh Rialtais i mí na Nollag 2022, síneadh an clár go dtí deireadh 2023 chun athbhreithniú seachtrach a éascú. Bunaithe ar mholtaí an athbhreithnithe sin agus ar riachtanas leanúnach aitheanta do Abhaile, fógraíodh síneadh 4 bliana eile i mí Iúil 2023, rud a thabharfaidh an clár suas go dtí 2027.

Is seirbhís í Abhaile atá ceaptha chun cabhrú le húinéirí tí atá i mbaol a dtíthe a chailleadh réiteach a fháil ar an gcás. Cuireann sé rochtain ar fáil ar thacaíocht fiachais agus dearbháin le haghaidh comhairle airgeadais agus dlí saor in aisce ó shaineolaithe, atá ar fáil trí MABS. Leithdháileadh caiteachas 2025 faoin gclár seo chun dearbháin a sholáthar do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta (PIPanna) agus do Chuntasóirí, chomh maith le Feachtas Cumarsáide an chlár a reáchtáil. Tá maoiniú don chlár seo curtha ar leataobh go sonrach chun seirbhísí Abhaile a sholáthar.

Chomh maith leis sin, in 2023, bunaithe ar mholtaí ó athbhreithniú seachtrach agus ar an ngá leanúnach leis an tseirbhís, shín an Rialtas seirbhís Riaráistí Morgáiste Tiomnaithe (DMA) de chuid MABS go dtí deireadh 2027. Is é príomhfhócas na seirbhíse sin comhairleoirí tiomnaithe a chur in oifigí MABS a bhfuil sé mar aidhm acu déileáil le cásanna Riaráistí Morgáiste. Cuirtear maoiniú don tseirbhís seo ar leataobh go sonrach le haghaidh soláthar seirbhísí DMA.

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

9. Ábhar Digiteach

	Nóta	2025	2024
		€	€
Faisnéis Ar Líne – Aistriúcháin		44,579	60,652
Forbairt Suíomh Gréasáin an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh		97,358	212,289
Foilseacháin		69,838	48,847
Na Meáin Shóisialta		10,442	13,111
Forbairt Ábhair		17,496	17,373
Tionscadal Treoshuímh Cosanta Idirnáisiúnta		56,780	0
		296,493	352,272

10. Beartas Sóisialta agus Taighde

	Nóta	2025	2024
		€	€
Tacaíocht Taighde		6,567	14,887
Taighde ar Mhíchumas agus ar Fhaisnéis		7,506	4,188
Tuarascálacha ar Bheartas Sóisialta		24,039	26,801
Ilghnéitheach		1,890	11,208
		40,002	57,084

11. Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

	Nóta	2025	2024
		€	€
Teileachumarsáid		875,016	818,159
Bogearraí agus Ceadúnú		756,382	838,090
Crua-earraí Eile		35,297	25,257
Tacaíocht TFC		976,150	972,413
Bonneagar TFC Lánbhainistithe		556,692	513,100
Slándáil		94,312	124,253
Tionscadail		689,095	686,655
Forbairt		123,336	87,002
		4,106,280	4,064,929

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

12. Abhcóideacht

	Nóta	2025 €	2024 €
Deontas don tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas		3,756,337	3,420,062
Deontas don tSeirbhís Ateangaireachta Teanga Chomharthaíochta		710,176	620,052
Deontas d'Ionad Rialála d'Ateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann		242,627	227,872
Clár Oibríthe Tacaíochta Abhcóideachta		11,466	24,895
An Scéim Dearbhán Ionchuimsitheachta Sóisialta do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann		400,000	400,000
Abhcóideacht MIS / Córas Bainistíochta Cásanna		41,566	61,878
Cruinnithe		13,943	5,689
		5,176,115	4,760,448

Bunaíodh an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas (SAN) i mí na Samhna 2013, agus oibríonn sí faoi chomhaontú seirbhíse leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh chun seirbhísí abhcóideachta a sholáthar do dhaoine/d'aoisigh faoi mhíchumas. Cuireann SAN seirbhís abhcóideachta ionadaíoch neamhspleách, rúnda agus saor in aisce ar fáil a chloíonn leis na caighdeáin ghairmiúla is airde. Oibríonn SAN don té a úsáideann an tseirbhís agus don té sin amháin, agus tacaíonn sí leo agus iad ag fáil rochtain ar a gcearta agus ag déanamh cinntí feasacha, rud a chinntíonn go bhfaigheann daoine faoi mhíchumas tacaíocht neamhchlaonta atá dírithe ar a dtail agus ar a rogha agus orthu sin amháin.

Bunaíodh Seirbhís Ateangaireachta na Teanga Chomharthaíochta (SLIS) sa bhliain 2007 agus oibríonn sí faoi chomhaontú seirbhíse leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh chun Seirbhís Ateangaireachta Teanga Chomharthaíochta a sholáthar a chuireann seirbhísí ateangaireachta ardchaighdeáin chun cinn, a léiríonn agus a chinntíonn infhaighteacht seirbhísí ateangaireachta ardchaighdeáin do dhaoine bodhra in Éirinn. Bainistíonn SLIS réimse seirbhísí agus déanann sí iad a sheachadadh, ina measc siúd an Scéim Ionchuimsitheachta Sóisialta do TCÉ chun rochtain a fháil ar ateangairí d'ócáidí agus seirbhísí sóisialta, oideachais, leighis agus cultúrtha, ateangaireacht TCÉ do choinnithe le dochtúirí ginearálta, Seirbhís Fón agus Téacs éigeandála chun tacú le hateangaireacht teanga comharthaíochta i gcásanna géarchéime agus Seirbhís Ateangaireachta Chianda na hÉireann, lena gcuirtear rochtain ar líne ar Ateangaireacht TCÉ ar fáil ar nasc físe chun rochtain a fháil ar sheirbhísí laethúla.

Bunaíodh an tIonad Rialála d'Ateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann in Éirinn (RISLI) i mí na Nollag 2020. Faigheann RISLI maoiniú agus tacaíocht ón mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus an Roinn Coimirce Sóisialaí agus oibríonn sé faoi chomhaontú seirbhíse leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh chun Clár Ateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a choinneáil, ar clár deonach, náisiúnta, gairmiúil é. Déantar tagairt don chóras clárúcháin san Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017 (dá ngairtear 'scéim chreidiúnaithe') agus sa Straitéis Náisiúnta um Chearta Daonna do Dhaoine faoi Mhíchumas, 2025-2030. Coinníonn RISLI córas clárúcháin bunaithe ar chaighdeáin d'Ateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann chun cosaint a chinntiú go príomha don phobal Bodhar agus do sholáthraithe seirbhíse.

13. Oiliúint/Ríomhfhoghlaim

	Nóta	2025 €	2024 €
Seirbhísí Oiliúna		738	2,268
Oiliúint Foirne		80,660	88,266
Oiliúint Abhcóideachta		19,401	13,406
Moodle		62,919	45,686
Forbairt Cúrsa		58,740	58,107
		222,458	207,733

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

14. Costais Sochair Scoir

(a) Anailís ar chostais iomlána sochar scoir a ghearrtar ar an Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Choinnithe

	2025	2024
	€	€
Costais Seirbhíse Reatha	1,100,000	1,296,000
Ús ar Dhliteanais na Scéime Sochair Scoir	1,720,000	1,725,000
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(448,000)	(419,000)
	2,372,000	2,602,000

(b) Gluaiseacht i nglan-oibleagáidí sochair scoir le linn na bliana airgeadais

	2025	2024
	€	€
Oibleagáid Glan um Shochair Scoir an 1 Eanáir	(50,619,300)	(53,137,300)
Costais Seirbhíse Reatha	(1,100,000)	(1,296,000)
Costais Úis	(1,720,000)	(1,725,000)
Achtúireach (Caillteanas) / Gnóthachan	6,644,000	3,827,000
Pinsin a Íocadh sa bhliain	1,528,000	1,712,000
Glan-oibleagáid Sochair Scoir amhail an 31 Nollaig	(45,267,300)	(50,619,300)

(c) Cistiú iarchurtha do shochair scoir

Aithníonn an Bord na méideanna seo mar shócmhainn a fhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh sochar scoir ar bhunús an tacair toimhdí a gcuirtear síos orthu thuas agus roinnt imeachtaí san am a chuaigh thart. I measc na n-imeachtaí seo tá an bunús reachtúil le haghaidh bhunú na scéimeanna sochar scoir, an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Níl aon fhianaise ag an mBord nach leanfaidh an beartas maoinithe seo de shuímeanna den sórt sin a íoc de réir an chleachtais reatha.

Is mar a leanas a bhí an maoiniú glan iarchurtha do shochair scoir a aithníodh sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Choinnithe:

	2025	2024
	€	€
Maoiniú atá In-aisghabhála maidir le Costais Sochair Scoir na Bliana Reatha	2,820,000	3,021,000
Deontas Stáit a Chuirtear i bhFeidhm chun Sochair Scoir a íoc	(1,528,000)	(1,712,000)
	1,292,000	1,309,000

€45.3m atá sa tsócmhainn chistiúcháin iarchurtha le haghaidh sochair scoir amhail an 31 Nollaig 2025 (2024: €50.6m).

(d) Stair oibleagáidí sochair shainithe

	2025	2024	2023	2022	2021
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Oibleagáidí Sochair Shainithe	45,267	50,619	53,137	49,414	63,613
Caillteanais/(Gnóthachain) Taithí ar	1,054	(386)	(509)	2,050	(546)
Dhliteanais Scéime Sochair Shainithe					
Céatadán de Dhliteanais na Scéime	2.3%	(0.8%)	(1.0%)	4.1%	0.9%

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

(e) *Cur síos ginearálta ar an scéim*

Feidhmíonn an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh na scéimeanna pinsin sochair shainithe seo a leanas i leith a chuid fostaithe:

- (i) I gcás fostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013:
Scéim aoisliúntais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh (tá struchtúr na scéime bunaithe ar shamhail thraidisiúnta na Seirbhíse Poiblí).
- (ii) I gcás fostaithe atá ina n-iontrálaithe nua sa tseirbhís phoiblí a ceapadh tar éis an 1 Eanáir 2013:
Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (soláthraíonn an scéim sin pinsin sochair shainithe atá nasctha leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí bunaithe ar mheánphá gairme).

Is socrú pinsin tuarastail deiridh sochair shainithe í scéim Aoisliúntais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh ina bhfuil sochair agus rannfócaíochtaí a shainítear trí thagairt a dhéanamh do rialacháin reatha maidir le scéim "samhla" na hearnála poiblí. Cuireann an scéim pinsean ar fáil (arb ionann é agus: 1/200^ú de phá inphinsin suas le 3 1/3^ú oiread ráta reatha an Phinsin Stáit Leasa Shóisialaigh (Rannfócach) móide 1/80^ú de phá inphinsin os cionn na teorann seo (más ann dó) in aghaidh gach bliana seirbhíse), bónas nó cnapshuim (arb ionann í agus 3/80 den phá inphinsin in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Is é an 70^ú breithlá an aois scoir éigeantaigh do chomhaltaí réamh-2004 agus tá siad i dteideal freisin dul ar scor gan laghdú achtúireach ó 60 bliain d'aois. Tá fostaithe a bhí ina mbaill i ndiaidh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó 65 bliain d'aois; níl aon aois scoir éigeantach acu. Faoi Scéim Aoisliúntais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh, féadfaidh an Bord cibé méaduithe ar phinsin agus ar phinsin chaomhnaithe faoin scéim seo a dheonú a údaróidh an tAire Coimirce Sóisialaí ó am go ham le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagar, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Is í Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) an scéim pinsin sochair shainithe do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Foráiltear leis an scéim do phinsean agus cnapshuim scoir bunaithe ar an meánluach saothair inphinsin gairme, agus ar phinsin céilí agus leanaí. Is í an ghnáthaois scoir faoin Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair an aois cháilitheach don Phinsean Stáit Rannfócach ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Is é 70^ú breithlá an chomhalta an aois scoir éigeantaigh. Méadaítear pinsin atá á n-íoc (agus iarchurtha) i gcomhréir leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

Tá an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtuithe FRS102 bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúireach cáilithe neamhspleách an 16 Feabhra 2026, agus ceanglais an FRS á gcur i gcuntas chun dliteanais na scéime a mheas amhail an 31 Nollaig 2025.

(f) *Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:*

	2025	2024
An Ráta Méadaithe ar Thuarastail	3.60%	3.75%
An Ráta Méadaithe ar Shochair Scoir atá á n-íoc	2.85%	3.00%
Ráta Lascaine	4.30%	3.45%
Ráta Boilscithe	2.10%	2.25%

Ionchais saoil

	2025	2024
Fear, 45 bliain d'aois anois	25.3	25.3
Fear, 65 bliain d'aois anois	23.7	23.6
Bean, 45 bliain d'aois anois	27.7	27.6
Bean, 65 bliain d'aois anois	26.0	25.9

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

15. Maoin, gléasra agus trealamh

2025	Áitreabhaíocht bh faoi Úinéireacht €	Áitreabhaíocht bh ar Léas €	Trealamh Ríomhaireacht €	Trealamh Oifige €	Trosc án Oifige €	Iomlán €
Costas						
Amhail an 1 Eanáir	875,000	4,350,083	3,770,200	68,824	660,415	9,724,522
Breiseanna	27,706	0	608,775	25,097	4,897	666,475
Diúscairtí	0	0	(213,953)	0	(63)	(214,016)
Amhail an 31 Nollaig	902,706	4,350,083	4,165,022	93,921	665,249	10,176,981
Dímheas						
Amhail an 1 Eanáir	25,001	2,136,304	3,390,148	33,043	567,426	6,151,922
Muirear don bhliain	27,772	137,469	295,473	12,999	15,442	489,155
Diúscairtí	0	0	(213,953)	0	(63)	(214,016)
Amhail an 31 Nollaig	52,773	2,273,773	3,471,668	46,042	582,805	6,427,061
Glanluach de réir na Leabhar						
Amhail an 1 Eanáir	849,999	2,213,779	380,052	35,781	92,989	3,572,600
Glanghluaiseacht sa bhliain	(66)	(137,469)	313,302	12,098	(10,545)	177,320
NBV amhail an 31 Nollaig	849,933	2,076,310	693,354	47,879	82,444	3,749,920

- (i) Tá polasaí ag an mBord a áitreabh féin a athluacháil gach 5 bliana. Ar an 31 Nollaig 2023, rinneadh athluacháil ar na foirgnimh ag €0.875m.
- (ii) Baineann luach sócmhainní Áitribh Léasaithe le caiteachas caipitlithe ar an Réadmhaoin Léasach atá liostaithe faoi Nóta 16.

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

2024	Áitreabh faoi Úinéireacht €	Áitreabh ar Léas €	Trealamh Ríomhaireachta €	Treal amh Oifige €	Trosc án Oifige €	Iomlán €
Costas						
Amhail an 1 Eanáir	875,000	4,190,733	3,587,373	57,666	646,517	9,357,289
Breiseanna	0	159,350	299,462	11,158	46,502	516,472
Diúscairtí	0	0	(116,635)	0	(32,604)	(149,239)
Amhail an 31 Nollaig	875,000	4,350,083	3,770,200	68,824	660,415	9,724,522
Dímheas						
Amhail an 1 Eanáir	0	1,998,835	3,306,340	23,412	587,092	5,915,679
Muirear don bhliain	25,001	137,469	200,443	9,631	12,938	385,482
Diúscairtí	0	0	(116,635)	0	(32,604)	(149,239)
Amhail an 31 Nollaig	25,001	2,136,304	3,390,148	33,043	567,426	6,151,922
Glanluach de réir na Leabhar						
Amhail an 1 Eanáir	875,000	2,191,898	281,033	34,254	59,425	3,441,610
Glanghluaiseacht sa bhliain	(25,001)	21,881	99,019	1,527	33,564	130,990
NBV amhail an 31 Nollaig	849,999	2,213,779	380,052	35,781	92,989	3,572,600

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

16. Áitribh

(a) Talamh Ruilse agus Foirgnimh

Is leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh talamh agus foirgnimh sna háiteanna seo a leanas:

Suíomh	Glanluach	Glanluach
	Leabhar	Leabhar
	Amhail	Amhail
	31.12.25	31.12.24
	€	€
Corcaigh	600,077	592,571
Trá Lí	141,428	145,714
Leitir Ceanainn	108,428	111,714
	849,933	849,999

(b) Réadmhaoín Léasach

Tá spás oifige tógtha ar cíós ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh sna háiteanna seo a leanas:

Suíomh	Dáta éaga	Clásal Scoir	Cean galtais Léasa	Cíós Bhliantúil
			€	€
Ceannoifig - Baile Átha Cliath				
43 Sráid Townsend, Baile Átha Cliath 2	2032	-	5,176,325	739,475
Oifigí Réigiúnacha				
Gaillimh	2034	2027	103,500	54,000
Cill Chainnigh	2050	-	1,020	40
Cill Chainnigh	2030	-	138,910	28,740
Luimneach	2038	2027	243,307	145,984
Sligeach	2025	-	7,136	10,075
Tamhlacht	2033	2028	313,653	117,620
			5,983,851	1,095,934

Gealltanais Léasa	2025	2024
	€	€
Iníoctha laistigh de bhliain amháin	1,092,995	1,087,205
Iníoctha laistigh de 2 go 5 bliana	3,411,086	3,618,520
Iníoctha tar éis cúig bliana	1,479,770	2,219,248
	5,983,851	6,924,973

17. Gealltanais Léasa

Amhail an 31 Nollaig 2025, ní raibh aon fócaíochtaí léasa íosta amach anseo ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe, seachas léasanna réadmhaoine atá mionsonraithe i nóta 16.

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

29

18. Infháltais

2025	2024
€	€
8,424	12,386
1,582,166	1,319,357
1,590,590	1,331,743

Infháltais eile
Réamhíocaíochtaí

19. Suimeanna iníoctha

Suimeanna atá le híoc laistigh de bhliain amháin

2025	2024
€	€
3,416	2,816
269,628	239,542
347,451	318,162
620,495	560,520

Suimeanna Iníoctha Trádála
Fabhruithe
Cánacha agus Leas Sóisialach

20. Cuntas Caipitil

2025	2024
€	€
3,327,600	3,441,610
666,475	516,472
(489,155)	(385,482)
0	(245,000)
3,504,920	3,327,600

Iarmhéid tosaigh

Aistriú chuig Ioncam agus Caiteachas:
Caiteachas caipitiúil sa bhliain
Amúchadh i gcomhréir le Dímheas Sócmhainní

Aistriú chuig an gCúlchiste Athluachála

Iarmhéid deiridh

21. Nochtuithe Páirtithe Gaolmhara

Glacann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh nósanna imeachta de réir na dtreoirínte atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin a chlúdaíonn leasanna pearsanta na gcomhaltaí Boird. Le linn ghnáthchúrsa gnó, féadfaidh an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh deontais a cheadú nó socruithe conarthacha eile a dhéanamh le heintitis ina bhfuil comhaltaí Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh fostaithe nó ina bhfuil leas acu ar shlí eile.

I gcásanna de choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann, ní fhaigheann comhaltaí Boird doiciméid an Bhoird ná ní ghlacann siad páirt i ndíospóireachtaí maidir leis na hidirbhearta seo.

I rith na bliana, ní dhearna an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh aon chonarthaí le páirtithe gaolmhara.

AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

22. Imeachtaí tar éis an Dáta Tuairiscithe

Níl aon imeachtaí ann idir an dáta tuairiscithe agus dáta faofa na ráiteas airgeadais le heisiúint seo óna dteastaíonn leasú ar na ráitis airgeadais.

Measann an Bord, de bhrí é go soláthraíonn an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh seirbhís phoiblí atá maoinithe ag airgead a chuireann an Státchiste ar fáil, trína mháthair-roinn an Roinn Coimirce Sóisialaí, go bhfuil sé cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

23. Ábhar Comparáide ó Bhlianta Roimhe

Rinneadh iarmhéideanna i mblianta roimhe seo a rangú arís chun go mbeidh siad de réir chur i láthair na bliana reatha. Níl tionchar ar bith ag an athrangú sin ar na torthaí a tuairiscíodh don bhliain ná ar staid na nglansócmhainní amhail dáta an chláir comhardaithe.

24. Na Ráitis Airgeadais a Fhaomhadh

D'fhaomh Bord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh na ráitis airgeadais an 24 Iúil 2026.